Clár: **Lch.**

1.0 Brollach **2 - 4**

2.0 Réamhrá **5 - 7**

3.0 Dul chun cinn ó ghlacadh leis an bPlean um Bhainistiú Bruscair 2007 **8**

4.0 Aidhmeanna an Phlean agus a bhfuil bainte amach ó shin **9 - 18**

5.0 Aguisíní:

Aguisín Uimh. 1 Bruscar agus an Dlí **19 - 21**

Aguisín. Uimh. 2 Áiseanna Bruscair Comhairle Contae Chiarraí Pearsanra **22 - 23**

Aguisín Uimh. 3 Láithreacha a bhunaíonn Bruscar **24**

Aguisín Uimh. 4 Torthaí Suirbhé Cainníochtú Bruscair **25**

Aguisín Uimh. 5 Gníomhaíocht Fhorfheidhmithe i 2009 **26**

Aguisín Uimh. 6 Áiseanna Athchúrsála do Phobal Chontae Chiarraí **27 - 29**

1.0 BROLLACH DON PHLEAN UM BHAINISTIÚ BRUSCAIR COMHAIRLE CONTAE CHIARRAÍ 2010 – 2013

Is é an Plean um Bhainistiú Bruscair Comhairle Contae Chiarraí 2010 – 2013 (Dréacht) an tríú Plean dá leithéid a hullmhaíodh faoi réir na riachtanais atá sna hAchtanna um Thruailliú Bruscair 1997 - 2003 agus tá sé seo anois in áit an Phlean um Bhainistiú Bruscair 2007 – 2010.

De réir na riachtanas reachtúla, cloíonn struchtúr an Phlean le 5 chinn d'aidhmeanna go príomha mar a leanas:

Aidhm Uimh. 1: Cur le feasacht an phobail maidir leis an dtionchar diúltach a bhíonn ag bruscar ar an dtimpeallacht ionas go dtuigfear nach nglacfar lena leithéid d'iompar i measc an phobail.

Aidhm Uimh. 2: Tús áite a thabhairt d'oideachas na n-óg agus iad a spreagadh i leith páirt a glacadh sa Chlár Scoileanna Glasa.

Aidhm Uimh. 3: Oibriú le grúpaí pobail**,** coistí bailte slachtmhara, muintir na háite, le lucht gnó agus tráchtála chun timpeallacht mar is cóir a chruthú do chách.

Aidhm Uimh. 4: Fadhbanna a aithint agus dul i mbun bearta feabhais dá réir.

Aidhm Uimh 5: Úsáid an bhonneagar athchúrsála a chur chun cinn, é a leathnú go dtí go mbeidh áiseanna oiriúnacha dá sórt i ngach aon bhaile agus sráidbhaile sa chontae.

Achtaíodh an reachtaíocht i 2007 mar bhonn straitéiseach don bhainistiú bruscair agus chun na forálacha forfheidhmithe a neartú. I ndáiríre tá cur chuige "dúbalta" i gceist, córas láidir forfheidhmithe maraon le cláracha oideachais agus feasacht timpeallachta a spreagfaidh an pobal chun a bheith páirteach i rialú bruscair.

Mar is léir ón líon scoileanna ag a bhfuil an Brat Scoileanna Glasa (88 ar fad) agus ón rannpháirteachas ag Coistí Bailte Slachtmhara sa Chomórtas Bliantúil céanna agus sa bhFeachtas Glantachán Náisiúnta an Earraigh (140 ar fad i 2010) is fíor a rá go bhfuil dul chun cinn mór déanta ag Comhairle Contae Chiarraí maidir le cláracha maithe oideachais a dhearadh agus a chur i bhfeidhm. Is léir freisin go bhfuil toradh ár gcuid oibre le feiscint san úsáid a bhaintear as an ngréasán 103 láithreán athchúrsála. Mar eolas tá cuntas iomlán ag tagairt 3.0 anso thíos (lch.8) ar an dtoradh úd ó tharla Plean 2007. De réir na nAidhmeanna Uimh.1, 2 agus 5 atá sa Dréachtphlean áireofar go bhfuil rún ag Comhairle Contae Chiarraí infheistíocht a dhéanamh go leanúnach i gcláracha oideachais agus feasachta.

Acmhainn luachmhar ag an gcomhairle is ea an tiomantas i measc na gCoistí Bailte Slachtmhara, Grúpaí pobail agus comhair áitiúla eile a oibríonn i dtreo bruscar a laghdú sa chontae. Bítear ag saothrú go dian in aghaidh na bliana chun feabhas a chur ar dhreach na gceantar go léir. Tá rún ag an gcomhairle de réir Aidhm Uimh. 3 atá sa Dréachtphlean tacú le gach aon choiste áitiúil a théann i mbun gníomhaíochtaí dá leithéid.

Baineann Aidhm Uimh. 4 atá sa Dréachtphlean le ceist eile atá níos deacra fós, sin é an forfheidhmiú. Tá dul chun cinn éigin déanta go dtí seo maidir leis an dlí a chur orthu siúd go léir a bhíonn ciontach. Fiosraítear gach aon chás a thagann chugainn ó na Maoir Bhruscair agus a bhaineann le bruscar a chaitheamh nó le dumpáil mídhleathach. Is minic a bhíonn ar an Maor Bruscair mionscagadh a dhéanamh ar ualach dramhaíola chun fianaise aitheantais a fháil agus ansan glantachán a eagrú, rud a bhíonn costasach. D'fhéadfadh thart ar €3,500 a bheith i gceist chun aon láthair amháin a ghlanadh i gceart agus munar féidir an duine atá ciontach a aithint íocann an Chomhairle as.

Maidir leis an bhfadhb seo áfach, tá moltaí sa Dréachtphlean de réir Aidhm UImh. 4. a thacóidh leis an gcomhairle sa bhforfheidhmiú céanna. I measc na dtionscadal beidh córas faire soiléir agus faoi cheilt in áiteanna áirithe a bheidh aitheanta mar láithreacha ina dtarlaíonn bruscar agus truailliú go mídhleathach.

Táthar ag smaoineamh freisin ar pholasaí chun ciontóirí a ainmniú go poiblí maraon le líne fón saor agus seoladh ríomhphoist eile go speisialta chun gur féidir leis an bpobal gearán a dhéanamh linn gan mhoill.

Beidh an Dréachtphlean le feiscint go poiblí go ceann ceithre sheachtaine ón lá go mbeidh an fógra ceaptha foilsithe sna nuachtáin (12/05/10). Beidh an Dréachtphlean ar fáil freisin ar shuíomh idirlín na Comhairle www.kerrycoco.ie agus sna leabharlanna agus na hoifigí ceantair. Is féidir linn cóipeanna breise a chur ar fáil ach é sin a iarraidh orainn.

Mar fhocal scoir fáilteofar roimh rannpháirteachas sa phróiseas athbhreithnithe agus go deimhin spreagfar a leithéid. Déanfar gach aon aighneacht a scrúdú agus a mheas lena cur sa Phlean más cuí agus lena nascadh leis na haidhmeanna atá cheana féin ann.

2.0 RÉAMHRÁ

Tá Contae Chiarraí ar an gcúigiú contae is mó in Éirinn. Siar agus Ó Dheas uainn tá An Fharraige Mhór; Soir tá an dá chontae Luimneach agus Corcaigh agus Inbhear na Sionainne Ó Thuaidh. Ó thaobh tírdhreach de is féidir dhá chuid nádúrtha a aithint mar a bhfuil talamh íseal agus cnoic bheaga Soir agus Ó Thuaidh i gcomparáid le sléibhte gairbhe Siar agus Ó Dheas.

Tá an-éagsulacht sna gnéithe aiceanta, rud a tharraingíonn pobal na háite agus turasóirí araon. Tá clú agus cáil ar Chiarraí mar gheall ar radhairc bhreátha, dreach an chósta, na locha fíoráille, oidhreacht mhór chultúrtha agus ar son fásra agus ainmhithe a bhfuil tábhacht ag baint leo go háitiúil agus go náisiúnta. Dá bhrí sin bíonn an-tóir ar Chiarraí thar chontaethe mar ionad saoire agus breis is dhá mhilliún turasóirí ag triall orainn in aghaidh na bliana.

Ceantair thuaithe don chuid is mó atá sa chontae mar a bhfuil na sráidbhailte scaipthe go fairsing óna chéile; tá níos lú ná 25% den daonra iomlán ag maireachtaint sna trí bhailte móra Cill Airne, Lios Tuathail agus Trá Lí. De réir Daonáireamh na bliana 2006 tá 139,835 mar dhaonra sa chontae ar fad. An líon scaipthe daoine sin san áireamh, maraon le cuairteoirí de réir na séasúr, is léir go bhfuil dúshláin mhóra roimh Chomhairle Contae Chiarraí maidir le glantachán sráide agus le rialú agus cosc ar bhruscar.

Tá sé fíorthábhachtach go mbeidh *Íomhá Glas* le feiscint anso i gCiarraí agus chuige sin tá seifteanna agus straitéis sa phlean seo chun gur féidir tabhairt faoin mbruscar i gCiarraí ar bhonn slachtmhar, cuimsitheach agus freagrach.

Anois níos mó ná riamh tá rún daingean ag Comhairle Contae Chiarraí an bruscar a chosc trín gcóras oideachais agus trín bhfeasacht i measc an phobail. Bímid de shíor ag saothru in éineacht le coistí Bailte Slachtmhara, leis an bhFeachtas Glantachán Náisiúnta an Earraigh agus an Clár Scoileanna Glasa agus sinn go léir ag iarraidh straitéis nua a chumadh chun dul i ngleic le rialú bruscair sa chontae.

2.1 CÚLRA

De réir na nAchtanna um Thruailliú Bruscair, 1997-2003, Alt 10, bíonn dualgas ar na húdaráis áitiúla glacadh le Plean nua um Bhainistiú Bruscair tar éis trí bliana. Sa Phlean seo um Bhainistiú Bruscair leagtar síos na forálacha maidir le rialú agus le cosc ar bhruscar a ullmhófar i gContae Chiarraí **sa tréimhse atá romhainn amach** agus mínítear freisin an méid is féidir le daoine eile a chur i gcrích trí ghníomhaíochtaí eile a chabhróidh linn.

Caithfear comhpháirteanna an Phlean um Bhainistiú Bruscair a leanúint de réir reachtaíochta, mar shampla eolas ar chosc agus ar rialú maraon le haidhmeanna cinnte agus ar spriocanna le baint amach laistigh den tréimhse trí bliana a bheidh i gceist sa Phlean. Ullmhaíodh an Plean seo um Bhainistiú Bruscair do Chomhairle Contae Chiarraí de réir na riachtanas úd agus tá sé seo anois againn in ionad an Phlean ar ghlacamar leis i 2007.

Sa Phlean seo leagtar síos aidhmeanna maidir le deireadh a chur le fadhb an bhruscair agus aithnítear go gcaithfear mórán cúinsí a chur san áireamh. Caithfidh gach earnáil a cuid féin a dhéanamh: an pobal, an earnáil tráchtála agus an t-údarás áitiúil san áireamh. Cé go mbíonn an scéal anois i mbéal an phobail níos minicí ná mar a bhíodh, fós caithfear meon a athrú chun go dtuigtear gur iompar frithshóisialta atá i gceist le caitheamh bruscair.

Ar an gcéad dul síos is féidir cur le feasacht an phobail maidir le fadhb an bhruscair idir chúiseanna agus iarmhairtí. Ansan caithfear an forfheidhmiú a chur i gcrích go láidir trín bhfíneáil ar an láthair agus an dlí.

Sa Phlean seo leagtar síos an cur chuige go soiléir cuimsitheach. Leagtar síos aidhmeanna indéanta agus intomhaiste mar a leanas:

- **Cosc ar bhruscar agus rialú**
- **Feasacht phoiblí, rannpháirteachas agus oideachas**
- **Forfheidhmiú**

Déanfar tréaniarracht de réir an Phlean seo ar an dtruailliú bruscair a laghdú ar fud an chontae. Déanfar monatóireacht in aghaidh na bliana ar dhul chun cinn trín gCóras Náisiúnta Monatóireachta um Thruailliú Bruscair.

Rachfar i ngleic freisin le cúiseanna an bhruscair sa chontae. Aithníodh a leithéid de chúiseanna nuair a rinneadh dhá shórt suirbhé le linn 2009 – ar Thruailliú Bruscair agus ar Chainníochtú Bruscair agus fuarthas amach gurbh é an caitheamh tobac an chúis ba mhó i gContae Chiarraí. (Féach Aguisín 4).

2.2 AN PRÓISEAS COMHAIRLIÚCHÁIN

Agus an Dréachtphlean seo um Bhainistiú Bruscair á ullmhú tógadh ceann de na cáipéisí seo a leanas:

An Straitéis Náisiunta in aghaidh an Bhruscair de chuid an RCORA

An Measúnú ar Phleananna um Bhainistiú Bruscair ag Údaráis Áitiúla de chuid an RCORA

An Plean Gníomh in aghaidh Bruscair de chuid an RCORA

Cuirfear an Dréachtphlean um Bhainistiú Bruscair faoi bhráid an C.P.S. Comhshaoil ar dtús agus ansan beidh sé le feiscint ag an bpobal go ceann ceithre sheachtaine chun gur féidir le héinne idir an phobal agus comhlactaí deonacha nó ionadaíochta aighneachtaí a sheoladh chugainn. Beidh an Dréachtphlean ar fáil freisin ar shuíomh idirlín na Comhairle www.kerrycoco.ie agus sna leabharlanna agus na hoifigí ceantair. Ar ndóigh seolfar cóipeanna chuig na coistí Bailte Slachtmhara mar táid siúd tar éis tacú linn i gcaitheamh na mblianta ar bhonn leanúnach chun na spriocanna a bhaineann le gach aon Clár nó Plean um Bhainistiú Bruscair dá mbíonn ag Comhairle Contae Chiarraí a bhaint amach.

3.0 DUL CHUN CINN ÓN BPLEAN UM BHAINISTÚ BRUSCAIR 2007 I LEITH

- 103 Ionad Beir Chuige anois ar fud an Chontae
- Feachtas fógraíochta in aghaidh an bhruscair i bpictiúrlanna
- Feachtas oideachais agus feasachta go leanúnach ag an Oifigeach Feasacht Chomhshaoil
- Tá An Brat Glas anois ag 88 gcinn de scoileanna sa Chontae, 39 níos mó ná 2 007
- I bhfad níos mó grúpaí páirteach sa bhFeachtas Glantachán Náisiúnta an Earraigh ag An Taisce
- Ionad nua Fóntas Pobail i mBaile an Phléimeannaigh, Lios Póil
- Réiteach leis na Bainc – bíonn rabhadh in aghaidh bruscair ar na meáisíní ATM agus seans ag custaiméirí admháil clóite a dhiúltú.
- Rialacháin nua náisiúnta m.sh. na rialacháin WEEE agus rialacháin maidir le Dramhaíl a Dhó, a chuireann cosc ar bhruscar tí a dhó.
- Alt seachtainiúil á scríobh ag an Oifigeach Feasacht Chomhshaoil san *Kerryman* chun aird a dhíriú ar cheisteanna comhshaoil.
- I 2009 shínigh Comhairle Contae Chiarraí don Tascfhórsa Bruscar Guma a bhí á reachtáil ag IBEC.
- Feachtais nua in aghaidh an bhruscair mar na málaí *Car Tidi*, greamáin do mhótair agus málaí siopadóireachta déanta d'ábhar athchúrsálta.

4.0 AIDHMEANNA AN PHLEAN & CONAS IAD A BHAINT AMACH

4.1 Aidhm Uimh. 1

CUR LE FEASACHT AN PHOBAIL MAIDIR LEIS AN DTIONCHAR DIÚLTACH A BHÍONN AG BRUSCAR AR AN DTIMPEALLACHT IONAS GO DTUIGFEAR NACH NGLACFAR LENA LEITHÉID D'IOMPAR I MEASC AN PHOBAIL.

- ### An Ról atá ag an Oifigeach Feasacht Chomhshaoil

Is é an tUas. Micheál O'Coileáin atá fostaithe mar Oifigeach Feasacht Chomhshaoil i gContae Chiarraí. Mar chuid dá chlár oibre, bíonn Mícheal ag obair i measc na scoileanna go léir; tugann sé cuairt orthu go rialta chun ceisteanna comhshaoil a phlé agus chun a bheith ag saothrú i dteannta a chéile.

Tuigtear agus cruthaítear dúinn go minic gur modh fíoréifeachtach ar fad é le dul i bhfeidhm ar thuismitheoirí iad a bheith ag foghlaim ó na scoláirí agus an t-eolas ar dhea-chleachtais á bhreith abhaile leo.

Tá breis is 70% de na bunscoileanna agus breis is 90% de na meánscoileanna i gCiarrai cláruithe don Tionscnamh Brat Glas. Bronntar bainteoirí bruscair, boscaí do chadhnairí agus araidí múirín ar gach scoil. Spreagtar iad le páirt a ghlacadh sa Ghlantachán Náisiúnta an Earraigh mar chuid den Chlár céanna. Lá gníomhaíochtaí is ea é sin, de ghnáth déantar mórghlantachán i gceantar áirithe. Faoi láthair tá 88 gcinn de scoileanna i gCiarraí ag a bhfuil An Brat Glas mar gheall ar fheabhas a gcuid oibre don timpeallacht.

Tá an clár seo do na Scoileanna Glasa ar siúl anois sa tír seo le 14 bliana anuas. De réir taighde eacnamaíoch atá déanta ar an gclár cruthaíodh gur spáráladh thart ar 2 mhilliún Euro ar chostais bhruscair, leictreachais, uisce agus breosla i gcaitheamh na scoilbhliana 2009/2010. De réir na dtorthaí cuireadh ar a laghad 13 thonna bruscair ar mhalairt slí seachas isteach i láithreáin líonadh talún in aghaidh an lae; spáráladh 3.9 mhillún aonad leictreachais, 200 mhilliún líotar fíoruisce agus thart ar 550 000 líotar breosla ar iompar i rith na scoilbhliana.

Bíonn Mícheál ag plé freisin le grúpaí pobail, le cumainn seanóirí gníomhacha agus le coistí Bailte Slachtmhara. Míníonn sé agus léiríonn dea-chleachtais maidir le bainistiú/cosc ar bhruscar, cáilíocht uisce agus caomhnú fuinnimh. Slí éifeachtach is ea é seo le dul i bhfeidhm ar dhaoine, grúpaí a thabhairt le chéile chun cruinniú tráthnóna. Bíonn cur amach acu siúd a thagann ar na ceisteanna a cíoradh agus scaiptear an t-eolas ina dhiaidh sin ó bhéal go béal.

Tionscadal pobail atá suntasach ná an ghluaiseacht i dtreo beatha inmharthana agus tá Trasnú do bhailte móra anois ar bun sa Neidín, i dTrá Lí agus i gCorca Dhuibhne. Seoladh tionscadal an Daingin ar an 28/04/10. Bíonn an ghluaiseacht seo Trasnú ag plé le dhá fhadhb faoi leith – buaicola agus athrú aeráide. Scaiptear eolas ar nósanna beatha a chothóidh inmharthanacht maidir le fuinneamh, bruscar, uisce, cúrsaí iompair, bia 7rl.

Gné suntasach eile atá ar bun ag Mícheál is ea an t-alt seachtainiúil dar teideal *"Environmental Issues"* a fhoilsítear sa nuachtán *The Kerryman* agus a bhaineann le topaicí mar Bhainistiú Bruscair agus Dramhaíola, Truailliú Uisce agus Caomhnú Fuinnimh. Is minic é le cloisint freisin ar *Radio Kerry* agus ar Raidió na Gaeltachta ag cur sios ar na hábhair chéanna.

Tá dul chun cinn an-mhór á dhéanamh sa tionscadal de chuid an Ghníomhaireacht um Chosaint Chomhshaoil (EPA) ar a dtugtar an Gréasán Léirithe Údarás Áitiúla (LADN). Bíonn Mícheál ag plé leis an Oifig Réigiúnach Dramhaíola i Luimneach chun an bruscar/dramhaíl ón bPáirc Náisiúnta Chill Airne a scrúdú i dtreo an líon a tharlaíonn ann a laghdú. Tosnófar go luath ar thionscnamh eile dá leithéid i measc 30 comhlacht i gCorca Dhuibhne agus iad ar a ndícheall chun a gcuid bruscair/dramhaíola a laghdú.

Feachtas Feasacht ar Chomhshaoil agus Raidió Áitiúil

Táthar ag smaoineamh arís ar Fheachtas Samhraidh in aghaidh an bhruscair a chur ar siúl i gcomhar le *Radio Kerry*. Beidh pacáiste bolscaireachta i gceist agus beifear páirteach i gclár seachtainiúil cainte chomh maith.

Deontas do Thionscadail in aghaidh an Bhruscair

Cuireadh in iúl le déanaí gur bronnadh €50 000 ar Chomhairle Contae Chiarraí faoin Scéim 2010 do Thionscadail in aghaidh an Bhruscair ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil. Tá sé i gceist leas a bhaint as an méid sin chun na feachtais seo a leanas a chur i bhfeidhm:

Scéim Cúram Ionad Beir Chuige.

Go dtí seo tá 25 ghrúpa bailte slachtmhara páirteach sa sceim cúram banc agus urraíocht bhliantúil €500 faighte acu maraon le seirbhís bhruscair don ionad. Glanann an grúpa an láthair thart ar an ionad beir chuige a bhíonn mar chúram orthu. Glacann siad glantachán áiteanna poiblí ina gceantar féin mar chúram freisin. Le linn tréimhse an Phlean seo leanfar den tionscadal céanna agus tacófar leis trí dheontais a thabhairt arís.

Fógraí in aghaidh an Bhruscair .

Bíonn fógraí in aghaidh an bhruscair le feiscint ar thránna agus in áiteanna eile poiblí ar fud an chontae, iad ag díriú ar thiománaithe, ar úinéirí madraí agus ar an bpobal go ginearálta agus leanfar den chleachtas úd.

Greamáin do Mhótair

Bíonn greamáin do mhótair sa dá theanga ar fáil anois agus teachtaireacht orthu in aghaidh an bhruscair; scaipeadh ar na scoileanna iad agus ag ócaidí áirithe poiblí.

Málaí -*Tidi*

Aithnítear gur fadhb bhruscar í páipéir a bheith á gcaithemh amch trí fhuinneoga mótar. Chuige sin tá Málaí-*Tidi* ar fáil, is furasta iadsan a úsáid agus tá tóir orthu ó thosnaíodh ar iad a scaipeadh ag ócáidí poiblí, ar scoileanna agus ar oifigí.

Umhir Fón Saor do Ghearáin Bhruscair

Tá uimhir fón saor anois ann (1800 326 228) chun gearáin a dhéanamh faoi choireanna bruscair. Tá sé i gceist an dara líne fón saor a chur isteach le linn tréimhse an Phlean seo maraon le seoladh speisialta r-phost ar an dul céanna lena húsáid chun gearán a dhéanamh linn.

Foilsiú Ábhar Bolscaireachta

Foilseofar bróisiúir ar laghdú bruscair, ar conas an bruscar a chur le chéile agus ar athchúrsáil; scaipfear iadsan ar fud an chontae.

Scéim "Cúram Bóthair"

Moltar scéim "cúram bóthair" a thriail ar bhonn píolótach i gceantracha éagsúla chun díriú ar bhóithre a théann go díreach isteach i mbailte agus i sráidbhailte. Socróidh pobal na háite ar bhóithre áirithe a ghlanadh ar a leithéid de lá. Bronnfar bainteoirí bruscair, lámhainní agus málaí orthu don lá agus déanfar monatóireacht ar thorthaí na hoibre. Ma éiríonn leis an scéim i mbliana 2010 beidh sé i gceist í a leathnú i 2011 agus ina dhiaidh sin arís.

4.2 Aidhm Uimh. 2

Tús áite a thabhairt d'oideachas na n-óg agus iad a spreagadh i leith páirt a glacadh sa Chlár Scoileanna Glasa.

Ag éirí as an gcéad Brat Glas ar son Bruscair agus Dramhaíola tá codanna eile anois ann bunaithe ar Chaomhnú Fuinnimh agus Uisce, ar Chúrsaí Iompair agus ar Bhithéagsúlacht. Caithfear iadsan a athnuachan tar éis dhá bhliain.

Trí mhaoiniú ón Roinn Iompair d'fhostaigh An Taisce beirt go speisialta chun dul ag obair ar Chúrsaí Iompair i gCiarraí agus an tríú duine a bheidh freagrach as Caomhnú Uisce. Ciallaíonn sé sin go dtugann oifigeachde chuid Comhairle Contae Chiarraí nó An Taisce cuairt in aghaidh na bliana ar gach aon scoil a bhíonn páirteach agus bíonn leanúnachas acu ar an gcuma san.

Bronntar an chéad Bhrat Glas ar bhainistíocht scoile ar son bainistiú bruscair agus dramhaíola. Ansan caithfear an brat a athnuachan gach re bliain chun an caighdeán a choimeád. I gceist leis an athnuachan san freisin bíonn gné nua comhshaoil mar caomhnú fuinnimh agus uisce laistigh den scoil.

Tá 88 gcinn de Bhratacha Glasa anois i gCiarraí. Le linn na scoilbhliana 2009/2010 bronnadh an Brat Glas den chéad uair ar na scoileanna seo a leanas:

- SN Naomh Breandáin Ard Fearta
- SN An Caladh
- SN Leana-Mhóir, Béal Átha Longfoirt
- SN Coars, Cathair Saidhbhín
- Coláiste na Sceilige, Cathair Saidhbhín
- Scoil Mhaoilchéadair, Muiríoch, Baile na nGall
- Scoil Pharóiste Naomh Eoin, Sraid an Ághasaigh, Trá Lí
- SN Chathair Léithín, Droichead Farmer, Trá Lí

Le linn na tréimhse céanna dhein 45 scoileanna athnuachan ar an mbrat, is beagnach a leath acu siúd ag obair ar chúrsaí iompair don chéad uair i gCiarraí.

Laistigh den chlár oideachais/feasacht ar bhruscar atá ag Contae Chiarraí leanfar den chúram a dheintear den rannpháirteachas in aghaidh an bhruscair i measc na scoileanna.

4.3 Aidhm Uimh. 3

Oibriú le grúpaí pobail, coistí bailte slachtmhara, muintir na háite, lucht gnó, tráchtála agus ar eile chun timpeallacht mar is cóir a chruthú do chách.

An Feachtas Glantachán Náisiúnta an Earraigh

Le tamall de bhlianta anuas is líonmhar iad na grúpaí deonacha agus eagraíochtaí i gContae Chiarraí a ghlacann páirt i bhfeachtais ghlantacháin mar chuid de Ghlantachán an Earraigh a tharlaíonn i mí Aibreáin. Trín bhfeachtas úd spreagtar daoine óga agus an pobal go ginearálta i leith gníomhaíocht in aghaidh an bhruscair agus tuiscint ar na fadhbanna a bhíonn i gceist.

An Taisce a bhronnann méid áirithe málaí ar dtús, cuireann an Chomhairle leo maraon le lámhainní, bainteoirí agus postaerí. Is í an Chomhairle arís a eagraíonn an bailiúchán agus an aistriú saor in aisce go dtí na háiseanna dramhaíola ar fud an chontae.

Leanfaidh Comhairle Contae Chiarraí den chur chun cinn agus den tacaíocht a bhaineann le Glantachán Náisiúnta an Earraigh le linn tréimhse an Phlean.

Tá sé mar aidhm ag Glantachán Náisiúnta an Earraigh an pobal a spreagadh chun bruscar a bhaint de bhóithre, tránna agus áiteanna eile poiblí agus chun an bailiúchán a éascú dóíbh. Níl sé i gceist faoin bhfeachtas seo go n-éascóidh an Chomhairle aon ghlantachán a tharlaíonn ar áitreabh príobháideach. Spreagtar daoine chun a leithéid a dhéanamh, ar ndóigh ach caithfidh na húinéirí féin an bailiúchán/aistriú mar is cuí a eagrú.

Coistí Bailte Slachtmhara, Grupaí Pobail

Acmhainn luachmhar ag an gcomhairle is ea an tiomantas i measc na gCoistí Bailte Slachtmhara, Grupaí Pobail agus Comhair Áitiúla a oibríonn i dtreo bruscar a laghdú sa chontae. Tacaíonn siad siúd linn in aghaidh na bliana agus leanfar ar ndóigh den chomhoibriú a tharlaíonn eadrainn. Anois agus an Plean um Bhainistiú Bruscair á dhréachtadh le linn 2010 beidh seans acu siúd go léir na haidhmeanna agsu na spriocanna a bheidh tábhachtach go ceann trí bliain an Phlean a aithint. Molfar an rannpháirteachas, failteofar roimhe; scrúdófar gach aighneacht lena cur sa Phlean más cuí agus lena nascadh leis na haidhmeanna atá cheana féin ann.

4.4 Aidhm Uimh. 4

Fadhbanna a aithint agus dul i mbun bearta feabhais dá réir

An Córas Náisiúnta Monatóireachta um Thruailliú Bruscair

Bunaíodh an Córas Náisiúnta Monatóireachta um Thruailliú Bruscair i 1999 chun monatóireacht a dhéanamh ar an mbainistiú bruscair agus ar an bhforfheidhmiú ina leith ag nas húdaráis áitiúla. Bhí ar gach údarás áitiúil 44 réimse láithreacha agus gníomh a chruthódh bruscar a aithint agus iad a logáil ar léarscáileanna GIS (Féadh Aguisín 3). Ina dhiaidh sin níor mhór dóibh méid áirithe Suirbhéanna a dhéanamh ar Chainníochtú agus ar Thruailliú Bruscair.

Bíonn ar Chomhairle Contae Chiarraí 36 Shuirbhé ar Chainníochtú agus 152 ar Thruailliú Bruscair a dhéanamh in aghaidh na bliana. Ón eolas a fhaightear ar an gcuma san beifear in ann:-

(a) Láithreacha a chruthaíonn bruscar a aithint agus cuntas a choimeád ar aon athruithe a tharlaíonn de bharr cleachtas nua sa bhainistiú. Aithníodh 40 láthair dá leithéid agus táid siúd faoi chaibidil ag an Roinn Seirbhísí Comhshaoil. Ach iadsan glanta an chéad uair déanfar monatóireacht orthu go rialta.

(b) Tus áite a thabhairt do na hacmhainní is tábhachtaí.

(c) Féinmheasúnú a chur i gcrích go héifeachteach

(d) Staitisticí a bhailiú maidir le:-

- Cé chomh fairsing agus géar is atá fadhb an bhruscair sa chontae.
- Déantús agus foinsí comónta an bhruscair chéanna.
- Athrú a thagann ar an nglaineacht ó bhliain go chéile.
- Na háiteanna is mó bruscair sa chontae.
- An tionchar a bhíonn ag cleachtais nua in aghaidh bruscair.

Córas nuálach is ea an Córas Násiúnta Monatóireachta um Thruailliú Bruscair agus tríd tá sé i gceist g an Údarás seo dul i ngleic le bruscar go cruthanta de réir eagair.

Nóta: Tá na torthaí a fuarthas ar Shuirbhéanna Cainníochtú Bruscair le feiscint in Aguisíin 4

FORFHEIDHMIÚ

Tá beirt Mhaor Bruscair fostaithe go lánaimseartha ag Comhairle Contae Chiarraí maraon le 5 Mhaor Tráchta a fheidhmíonn go pairtaimseartha mar Mhaoir Bhruscair freisin. Mar seo a leanas na dualgais a bhíonn orthu:-

- Na hAchtanna um Thruailliú Bruscair 1997-2003 a chur i bhfeidhm
- Déileáil le dumpáil/caitheamh bruscair ar fud an chontae
- Fíneáil ar an láthair agus cásanna cúirte faoi na hAchtanna um Thruailliú Bruscair 1997-2003 agus um Bhainistiú Bruscair 1996-2008.
- Comhoibriú le grúpaí áitiúla maidir le glantacháin
- Dul ar patról sráide i mbailte agus i sráidbhailte
- A chinntiú go gcoimeádtar ionaid bheir chuige mar is cóir agus go bhfolmhaítear iad.
- Díriú ar láithreacha a chruthaíonn bruscar sráide agus cód deonach a chur chun cinn m.sh. ag stáisiúin Pheitril, pointí ATM agus bialanna Beir Leat
- Suirbhéanna a chur i gcrích de réir an Chóras Náisiúnta Monatóireachta
- Díriú ar fhógraí agus ar phostaerí a chuirtear suas go mídhleathach.
- Feithiclí tréigthe a bhaint ón láthair.

Aithníonn an Chomhairle go gcaithfear forfheidhmiú a chur i gcrích go héifeachtach má táthar chun bruscar a chosc agus a rialú.

Bhí costas ard ar an gComhairle le linn 2009 agus iad ag plé le 392 chinn de ghlantacháin ar fad. Ní bhfuarthas fianaise aitheantais ach i gcás 168 díobh siúd. Dá bhrí sin níorbh fhéidir an dlí a chur ar éinne sa 224 chás eile (57%). Is dona linn nach féidir an dlí a chur ar gach éinne a bhíonn ag dumpáil bruscair thall is abhus, ceal fianaise go príomha.

Faire go soiléir agus faoi cheilt

Moltar córas nua don bhliain reatha trína mbeidh faire go soiléir agus faoi cheilt ar siul in áiteanna atá aitheanta mar láithreacha a chruthaíonn an-chuid bruscair. Tá súil ag an gComhairle go mbeifear in ann i bhfad níos mó ciontóirí a aithint agus an dlí a chur orthu dá bharr.

Ciontóirí a Ainmniú go Poiblí

De réir forálacha na reachtaíochta eisítear fógra píonóis agus gearrtar fíneáil idir €150 agus €3,000. Tá sé i gceist ag an gComhairle i bhfad níos mó de na forálacha céanna a úsáid le linn 2010 agus polasaí a bheith againn na ciontóirí a ainmniú go poiblí.

Tá na staitisticí a bhaineann le cúrsaí forfheidhmithe le linn 2009 le feiscint in Aguisín 5.

4.5 Aidhm Uimh. 5

Úsáid an bhonneagar athchúrsála a chur chun cinn, é a leathnú go dtí go mbeidh áiseanna oiriúnacha dá sórt i ngach aon bhaile agus sráidbhaile sa chontae

Na hÁiseanna bruscair atá ag Comhairle Contae Chiarraí (Féach Aguisín 6 mar a bhfuil liosta iomlán de na hionaid áthchúrsála sa chontae)

Tá roinnt mhaith Ionad Fóntas Pobail/Láithreán Athchúrsála ag Comhairle Contae Chiarraí, iad suite sa Daingean, sa Neidín, i mBaile an Mhuilinn, i gCill Airne, i gCathair Saidhbhín agus ag Láithreán Líonadh Talún Ciarraí Thuaidh.

Ag na háiseanna úd glactar le fuílleach bruscair ar chostas €15 ar ualach mhótair amháin (sé mhála) nó €6.00 ar mhála amháin; gearrtar costas de réir meáchain i gcás feithiclí móra. Glactar le hábhar athchúrsála saor in aisce (ach amháin go mbíonn costas €3.00 ar mhótar ina mbíonn an t-ábhar céanna ag láithreán An Daingean); glactar le gloine, cannaí bia nó dí, buidéil phlaisteacha, cairtchlár, nuachtáin, irisí, cadhnairí, ola mótair agus earraí WEEE (Earraí leictreacha mar sorn, meáisín níocháin, cuisneoir, ríomhaire, teilifís 7rl).

Ag na Staisiúin Bhruscair freisin glactar le hábhar tí a bhíonn guaiseach m.sh. péint atá ar bhonn íle, cannaí *aerosol*, lotnaidicídí, sruthshoilsiú 7rl. Ach an córas úd a úsáid is féidir thart ar leath an bhruscair tí in aghaidh na bliana a athchúrsáil saor in aisce. Níor chóir d'éinne dá bharr san a bheith ag caitheamh bruscair ná ag dumpáil mar a dhéantar le déanaí ar fud an chontae. Tá 103 Ionad Beir Chuige sa Chontae, ionas gur féidir le héinne fáil réidh le gloine, cannaí dí nó bia saor in aisce. Glactar le buidéil phlaisteacha ag 11 cheann de na hionaid chéanna. D'oscail Comhairle Contae Chiarraí Ionad nua Athchúrsala sa Daingean i 2008.

AGUISÍN UIMH. 1.

BRUSCAR AGUS AN DLÍ

Fíneáil

Tá sé i gcoinne an dlí bruscar a chaitheamh nó a fhágaint in aon áit phoiblí agus gearrtar fíneáil "ar an láthair" idir €150 agus €3,000. D'fhéadfadh an duine a gheofaí ciontach ina leithéid a bheith freagrach as costais na Comhairle maidir leis an gcás Cúirte agus as aon chostais eile a bhainfeadh leis an gcion a fhiosrú nó leis an dlí a chur i bhfeidhm.

Feithiclí

Bíonn dualgas ar úinéir ainme aon fheithicil ina n-iompraítear earraí nó ábhair, cosc a chur le bruscar ón bhfeithicil céanna. Baineann an riail seo le scipe bruscair freisin.

Tithe Tábhairne, Bialanna agus Siopaí

Tá sé de dhualgas ar an siopadóir an áit lasmuigh den siopa a choimeád saor ó bhruscar cuma cé a d'fhág ann é. Baineann an riail seo freisin le tábhairneoirí agus le húinéirí bialanna agus tá bruscar toitíní san aireamh. Thaispeáin torthaí suirbhé go mbaineann breis is 50% den bhruscar sráide le caitheamh tobac.

Stiúideonna/Árasáin

Má bhíonn ar a laghad dhá aonad cónaithe in aon tigh amháin tá sé de dhualgas ar an úinéir an talamh thart ar an dtigh a choimeád saor ó bhruscar.

Talamh a shíneann leis an mbóthar

Tá sé de dhualgas ar úinéir aon stráice talún a bhíonn ag síneadh leis an mbóthar poiblí agus é laistigh de cheantar luasteorann, na cosáin, an pábháil agus na silteáin a choimeád saor ó bhruscar. Baineann an riail seo freisin le talamh a bhíonn le feiscint ón mbóthar nó go poiblí.

Dumpáil Mídhleathach

Is féidir leis an gComhairle an dlí a chur ar éinne a dheineann bruscar a dhumpáil má bhíonn fianaise aitheantais acu ina leith; ní gá go mbéarfaí ar an gciontóir agus an dumpáil ar siúl. Tá sé de cheart ag an gComhairle freisin úineirí tí/stiúrthóirí gnó a cheistiú maidir lena mbruscar féin, go hairithe más léir nach bhfuilid ag baint úsaid as seirbhís bhruscair éigin ná ag breith bruscair chuig áis éigin dramhaíola atá ceadaithe chun glacadh leis.

Mór-ócáidí

I gcás mór-ócaidí caithfidh an lucht eagraithe/na tionscnóirí beartais rialú bruscair a chur i bhfeidhm ar an láthair féin agus sa cheantar máguaird roimis, le linn agus i ndiaidh na hócáide. D'fhéadfadh an tÚdarás Áitiúil an obair a dhéanamh ach bheadh ar an lucht eagraithe/na tionscnóirí féin an costas a ghlanadh.

Bialanna So-ghluaiste

Éinne ag a bhfuil bialann so-ghluaiste m.sh. iad siúd a dhíolann mearbhia/deoch nó tairgí feirme, caithfidh siad boscaí oiriúnacha bruscair a bheith acu in aice leo. Caithfidh siad freisin aon bhruscar a bhíonn i ngiorracht 100 méadar den bhialann a ghlanadh suas.

Salachar madraí

Tá sé de dhualgas anois ar úinéirí madraí an salachar a bhaint ó aon áit phoiblí agus é go chur de láimh mar is cuí. Baineann an riail seo leis na háiteanna seo a leanas:

• Bóithre Poiblí agus Cosáin
• Limistéar atá thart ar ionad siopadóireachta
• Scoileanna/faichí imeartha
• Tránna
• An stráice talún atá go díreach thart ar aon tigh eile

Réiteach leis na Bainc

Tháinig an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil agus Cónaidhm Banc na hÉireann (IBF) ar réiteach chun líon na nótaí faisnéise a eisítear ag pointí ATM a laghdú. Deineann Comhairle Contae Chiarraí suirbhéanna bliantúla ag cuid de na pointí céanna; cuirtear na torthaí ar aghaidh chuig an RCORA lena bplé leis an IBF. Aontaíodh idir na bainc go n-athrófaí na meaisíní chun go mbeadh ar dhaoine an nóta a iarraidh d'aonghnó. Dá bharr san tháinig laghdú an-mhór ar líon na nótaí faisnéise. Caithfidh gach aon bhanc a chinntiú go mbíonn boscaí bruscair taobh leis na pointí ATM agus go bhfolmhaítear go rialta iad.

Postaerí agus Fógraí

Tá cosc ar phostaerí/fógraí ar chuaillí nó ar struchtúir eile poiblí gan cead scríofa a bheith faighte ón úinéir.

Bileoga Bolscaireachta

Tá cosc ar bhileoga bolscaireachta a scaipeadh ar choisithe na sráide agus freisin ar iad a fhágaint ar ghaothscáth mótair.

AGUISÍN UIMH. 2.

Áiseanna Dramhaíola na Comhairle Contae - Pearsanra

***Líonadh Talún Ciarraí Thuaidh,** An Chill Dubh, Trá Lí, Co. Chiarraí*

Tara McCarthy, Innealtóir Suímh

Bill Hickey, Maoirseoir Gníomhach ar Oifig Droichead Meáite

Fón :- 066 7129195

Stáisiúin Aistrithe:-

Cúil Caisleach	-	***Edmund Prenderville, Feighlí***
	Fón:-	064 6633522
		087 1247312
Baile an Mhuilinn	-	***Jerry Murphy, Feighlí***
	Fón:-	066 9767385
		087 1219714
Cathair Saidhbhín	-	***Tommy Murphy, Feighlí***
	Fón:-	066 9472640
		087 686 3103
An Neidín	-	***Pat O'Shea, Feighlí***
	Fón:-	064 89172
		087 686 3106
An Daingean	-	***Frank O'Doherty***
	Fón:-	066 9151566
		087 9143177

Sonraí Teagmhála do Chomhairle Contae Chiarraí

- ***Ceannáras na Comhairle :-***

Seoladh:- Áras an Chontae, Ráth Theas, Trá Lí

Fón:- 066 7183500 9.00 r.n. - 5.00 i.n.
Faics:- 066 7122466
R-phost:- ***kcc@kerrycoco.ie***
Idirlíon:- ***www.kerrycoco.ie***

- ***Oifigí Ceantair:-***

	Teileafón	*Faics*	*Ar Oscailt*
Cathair Saidhbhín	**066 9472143**	**066 9472958**	**9.00a.m. – 5.00p.m.**
Oileán Chiarraí	**066 7163400**	**066 7163456**	**9.00a.m. – 5.00p.m**
An Daingean	**066 9151353**	**066 9151801**	**9.00a.m. – 5.00p.m**
An Neidín	**064 6641155**	**064 6641165**	**9.00a.m. – 5.00p.m**
Cill Orglan	**066 9761123**	**064 9761664**	**9.00a.m. – 5.00p.m**
Cill Airne	**064 6631046**	**064 6635164**	**9.00a.m. – 5.00p.m**
Lios Tuathail	**068 21245**	**068 22453**	**9.00a.m. – 5.00p.m**
Trá Lí	**066 7183500**	**066 7122466**	**9.00a.m. – 5.00p.m**

- ***An Roinn Seirbhísi Comhshaoil:-***

Fón: **066 7162000 (Sráid na Mainge)**
Faics: **066 7162001 (Sráid na Mainge)**
Fón Saor:- **1800 326228**
R-phost:- **environ@kerrycoco.ie**

AGUISÍN UIMH. 3 LIOSTA LÁITHREACHA AN-CHUID BRUSCAIR

Aicme 1 (Mar a mbeadh an-chuid truailliú ar siúl)

1. Thart ar bhialanna so-ghluaiste beir leat
2. Pointí ATM (aonair agus mar chuid den bhanc)
3. Stadanna bus a bhíonn gar do mheánscoil
4. Talamh agus foirgintí tréigthe
5. Suímh campála agus cónaithe atá mídhleathach
6. Áiteanna comónta mór-dhumpála (áiteanna mar a mbíonn fógra "Cosc ar Dhumpáil" san áireamh)
7. Áiteanna comónta bruscair (m.sh. eastáit tithíochta agus stráicí bóthar no canálach)
8. Láithreáin Líonadh Talún
9. Boscaí Bruscair a bhíonn ag cur thar maoil (m.sh. á n-úsáid do bhruscar tí)
10. Láithreáin mhór-ócáidí (ag a mbíonn sceideal rialta)
11. Margaí amuigh faoin aer
12. Siopaí nuachtán/áitiúla/mílseán
13. Slite cois abhainn, rianta dúlra agus a leithéid de chosáin
14. Meánscoileanna
15. Ionaid Siopadóireachta
16. Ollmhargaí
17. Bialanna so-ghluaiste/beir leat
18. Ionaid Beir Chuige
19. Áiteanna eile mar a chruinníonn daoine (seachas iadsan atá thuasluaite)
20. Áitribh/suímh eile truaillithe seachas iadsan atá thuasluaite

Aicme 2 (Mar a mbeadh truailliú éigin ar siúl)

1. Bealaí Siamsaíochta
2. Tránna
3. Geallghlacadóirí
4. Busárais agus staisiúin traenach
5. Pictiúrlanna
6. Páirceanna Poiblí a mbíonn an-tóir orthu
7. Eastáit Tionsclaíochta
8. Carr-chlóis mhóra (aonair)
9. Leataoibh
10. Láithreáin mhór-ócáidí nach mbíonn sceideal rialta acu (CLG 7rl.)
11. Bunscoileanna
12. Tithe Tábhairne
13. Cairéil
14. Téatair
15. Réamhchúirteana staisiún peitril
16. Coláistí oideachais tríú leibhéil
17. Láithreacha turasóireachta (ag brath ar an áit m.sh. séadchomharthaí agus foirgintí)
18. Aon áit eile chruinnithe (seachas iad siúd atá thuasluaite)
19. Áitribh/suímh eile a chruthaíonn truailliú seachas iad siúd atá thuasluaite

Aicme 3 (Truailliú Sealadach, Fánach nó de réir Séasúr)

1. Láithreáin mhór-ócaidí fánacha (m.sh. sorcas, aonach, ócáid éigin bhliantúil)
2. Láithreáin mhóra tógála
3. Marglanna
4. Aon áit eile chruinnithe (seachas iad siúd atá thuasluaite)
5. Áitribh/suímh eile a chruthaíonn truailliú seachas iad siúd atá thuasluaite

AGUISÍN UIMH. 4 TORTHAÍ AR SHUIRBHÉANNA CAINNÍOCHTÚ BRUSCAIR

Trí Shuirbhé Cainníochtú Bruscair is féidir déantús an truailliú bruscair a dhéanamh amach. Tá achoimre ar na torthaí a fuarthas ó na Suirbhéanna Cainníochtú Bruscair anso sa Tuarascáil seo. Úsáideadh seacht gcinn de shuirbhéanna ar fad i leith na tuarascála. Mar a leanas anso thíos i bhFig 2-1 atá na príomh-fhoinsí bruscair.



Déantús an Bhruscair i gComhairle Contae Chiarraí 2009

Caitheamh Tobac 47.71%
Bruscar Bia 18.29%
Pacáistí 30.21%
Bruscar Mílseán 2.32%
Páipéarachas 1.04%
Ábhar Díobhálach 0.06%
Ábhar Ilchineálach 0.18%
Ábhar Plaisteach (Seachas Pacaistí) 0.12%
Fuílleach Earraí Móra 0.06%

AGUISÍN 5 GNÍOMHAÍOCHT FHORFHEIDHMITHE LE LINN 2009

Anso thíos tá sonraí faoin ngníomhaíocht fhorfheidhmithe a tharla idir 1 Eanáir – 31 Nollaig 2009 agus don tréimhse chéanna i 2008.

Year	Cásanna dumpáil mídhleathach a fiosraíodh	Ionchúisimh ar éirigh leo	Iomlán fíneálacha agus costas a lean ionchúisimh	Fógraí[1] orduithe chun glantacháin a chur i bhfeidhm	Fíneálacha ar an láthair	Ioncaim ó fhíneálacha ar an láthair
2008	752	11	€4,741	41	154	€8,387.70
2009	*658	5	€1,960	29	168	€10,500.00

*Nóta: Fiosraíodh na 658 gcás ag éirí as gearáin a bhí faighte chomh maith le limistéir a d'aithin na maoir bruscair agus iad i mbun a gcuid dualgaisí.

(1) Ar na Fógraí a seirbheáladh bhí: (a) **Fógraí Alt 9** i.e. Ag cur iachall ar áititheoir/úinéir gníomhú láithreach chun bruscar a bhaint nó chun cosc a chur ar bhruscar (1 cheann).

(b) **Fógraí Alt 71** i.e. Fógra gur gá feithicil tréigthe a thógail ón láthair (28 gcinn)

*** Feithiclí Tréigthe**	**47 gcinn**
Cásanna réitithe trí chomhfhreagras	19 gcinn
Fógraí Alt 71 Seirbheálta	28 gcinn
Iomlán Feithiclí Tréigthe	47 gcinn

Bruscar/Dumpáil Mídhleathach	**611 gcinn**
Ar aghaidh chuig ranna eile i.e. Tithíocht (5 chinn), Comhairlí Baile (16 chinn), Bóithre(11 cheann), Oifigí Ceantair (10 gcinn)	42 cheann
Cásanna réitithe	89 gcinn
<u>Glantacháin ag Maoir Bhruscair</u> Gan aon fhianaise: 224 chinn Fíneáil ar an láthair: 168 gcinn	392 cheann
Cásanna Suntasacha – Glantacháin ag Oifigí Ceantair	19 gcinn
Láithreáin glanta ag úinéirí/fógraí coiscthe in airde	69 gcinn

AGUISÍN UIMH. 6

ÁISEANNA ATHCHÚRSÁLA DO PHOBAL CONTAE CHIARRAÍ

Gréasán Banc Beir Chuige Comhairle Contae Chiarraí						
	Seoladh	***Gloine Geal***	***Gloine Glas***	***Gloine Donn***	***Cannaí Alúm-anaim***	***Cann-aí Stáin***
1.	**Abhainn an Scáil** – roimis casadh na hInse (sliosbhóthar)	✓	✓	✓	✓	✓
2.	**Ard Fearta** – Ionad Leighis Ard Fearta	✓	✓	✓	✓	✓
3.	**Eas Daoi –** Tábhairne Uí Chinnéide	✓	✓	✓	✓	✓
4.	**Baile an Sceilg** – Carr-chlós os comhair Oifig Poist Maines	✓	✓	✓	✓	✓
5.	**Baile an Sceilg –** Carr-chlós na Trá	✓	✓	✓	✓	x
6.	**Baile Mhic Uileagóid-** Faiche CLG	✓	✓	✓	✓	✓
7.	**Baile an Bhuinneánaigh –**Trá (Thuaidh) na mBan	✓	✓	✓	✓	✓
8.	**Baile an Bhuinneánaigh –** Bóthar Kit Aherne	✓	✓	✓	✓	✓
9.	**Baile an Bhuinneánaigh –** Trá Theas	✓	✓	✓	x	✓
10.	**Baile an Bhuinneánaigh –** Páirc Carbhán McEnery's	✓	✓	✓	✓	✓
11.	**Baile an Bhuinneánaigh –** Páirc Carbhán Lárnach	✓	✓	✓	x	x
12.	**Baile Dubh** – Ag bun na Cé	✓	✓	✓	✓	✓
13.	**Baile Dubh –** Faiche Imeartha (os comhair Eastát An Bhinn Mhór)	✓	✓	✓	✓	✓
14.	**Baile an Fheirtéaraigh** – Óstán Smerbhic	✓	✓	✓	✓	x
15.	**Béal Átha Fionnáin-**Ionad Pobail	✓	✓	✓	✓	✓
16.	**Baile Uí Thaidhg** – Carr-chlós na Trá	✓	✓	✓	✓	✓
17.	**Béal Átha Longfort** – Trasna an bóthar ó Heaphy's Spar	✓	✓	✓	✓	✓
18.	**Lios an Phúca** – Beár Lios an Phúca	✓	✓	✓	✓	✓
19.	**Com Uí Dubh –** An Seipeál	✓	✓	✓	✓	✓
20.	**Blackwater**–TábhairneBlackwater, Raycoslough	✓	✓	✓	✓	✓
21.	**An Bunán** - Séipéal (An Neidín)	✓	✓	✓	✓	X
22.	**Cé Bhréanainn** - Halla le Chéile	✓	✓	✓	x	✓
23.	**Brosna** – An Reilig	✓	✓	✓	✓	✓
24.	**Cathair Saidhbhín** - Coláiste na Sceilge	x	x	x	✓	x
25.	**Cathair Saidhbhín** – Trá Bán	✓	✓	✓	✓	✓
26.	**Cathair Saidhbhín** – Stáisiún Bruscair	✓	✓	✓	✓	✓
27.	**Cathair Saidhbhín** – Carr-chlós Poiblí	✓	✓	✓	✓	✓
28.	**Cathair Dónall** – (Gar don sráidbhaile ar chlé ar an mbóthar go dtí An Siopa Dubh	✓	✓	✓	✓	✓
29.	**Cappanlea-** Ionad Gníomhaíochta, Oulagh Thiar	✓	✓	✓	✓	✓
30.	**An Com-** Siopa Uí Dhuibhir, Crosaire An Com	✓	✓	✓	✓	✓
31.	**An Siopa Dubh -** Carr-chlós an tSéipéil	✓	✓	✓	✓	✓
32.	**Caisleán Ghriaire–**Machaire Beag (SandyCove**)**	✓	✓	✓	x	✓

33.	**Oileán Chiarraí** - Lidl	✓	✓	✓	✓	✓
34.	**Caisleán na Mainge** – Ionad Pobail	✓	✓	✓	✓	x
35.	**An Tóchar** – Br na hEaglaise (taobh leis An Post)	✓	✓	✓	✓	✓
36.	**Cordal** – In aice an tséipéil	✓	✓	✓	✓	✓
37.	**Corra** – In aice an tséipéil	✓	✓	✓	✓	✓
38.	**An Cromán** – Carr-chlós	✓	✓	✓	✓	x
39. I	**Doire Fhionáin** – Carr-chlós na Trá	✓	✓	✓	✓	✓
40.	**An Daingean –** Ionad Fóntas Pobail	✓	✓	✓	✓	✓
41.	**An Daingean** – An Cuan (bun na Cé)	✓	✓	✓	✓	x
42.	**An Daingean** – Ar chúl Supervalu/an caladh	✓	✓	✓	✓	✓
43.	**Dromaid** – Ionad Pobail	✓	✓	✓	✓	✓
44.	**Dubháth** – Sráidbhaile (taobh le Crua-earraí Uí Chonchúir)	✓	✓	✓	✓	✓
45.	**An Fearann Fuar** – Londis Uí Mhuircheartaigh	✓	✓	✓	✓	✓
46.	**An Fhianait** – Trá Loughstrand/Sráidbhaile	✓	✓	✓	✓	✓
47.	**An Fheothanach** – Halla Pobail	✓	✓	✓	✓	✓
48.	**Na Foidhrí** - Sráidbhaile	✓	✓	✓	✓	✓
49.	**Faill Móir/Na Cealla** – Seanstáisiún Traenach	✓	✓	✓	✓	✓
50.	**Gleann Beithe**– Ar aghaidh Londis Uí Shíocháin	✓	✓	✓	✓	✓
51.	**Gleann Chárthaigh** – Ionad Pobail	✓	✓	✓	✓	✓
52.	**Gníomh go Leith** - Sráidbhaile	✓	✓	✓	✓	✓
53.	**Inse** – Carr- chlós an tSéipéil	✓	✓	✓	✓	✓
54.	**Inse** – Carr-chlós na Trá	✓	✓	✓	x	✓
55.	**An Chill** – Na Buailtíní – gar don séipéal	✓	✓	✓	✓	✓
56.	**Na Cealla** – Carr-chlós na Trá	✓	✓	✓	✓	✓
57.	**An Neidín** – Carr chlós Co-op	✓	✓	✓	✓	✓
58.	**An Neidín** -Kilowen Stores, Br Chill Gharbháin (Garáiste Maxol)	✓	✓	✓	✓	✓
59.	**An Neidín** – Stáisiún Bruscair	✓	✓	✓	✓	✓
60.	**Cill Chuimín** - The Village Inn	✓	✓	✓	✓	✓
61.	**Cill Flainn –** Ar aghaidh an tSéipéil	✓	✓	✓	✓	✓
62.	**Cill Gharbháin** – Ar aghaidh an tSéipéil	✓	✓	✓	✓	✓
63.	**Cill Airne** – Scoil Ballycasheen	✓	✓	✓	✓	x
64.	**Cill Airne** – Carr-chlós Sráid Ard	✓	✓	✓	✓	✓
65.	**Cill Airne** – Carr-chlós Sráid Nua	✓	✓	✓	✓	✓
66.	**Cill Airne** –Carr-chlós Glebe	✓	✓	✓	✓	✓
67.	**Cill Airne** – Stáisiún Bruscair	✓	✓	✓	✓	✓
68.	**Cill Orglan** – Páirc an Aonaigh	✓	✓	✓	✓	✓
69.	**Cill Orglan**-Monarcha Fujisawa	✓	✓	✓	✓	x
70.	**Cill Orglan** – Carr-chlós Bianconi	✓	✓	✓	✓	✓
71.	**Cill Mhaoile** – An Reilig	✓	✓	✓	✓	✓
72.	**Cnoc na gCaiseal** – An Reilig	✓	✓	✓	✓	✓
73.	**An Láithreach** – Os comhair an tSéipéil	✓	✓	✓	✓	✓
74.	**Lios Eiltín**- Carr-chlós TábhairneTomáisin	✓	✓	✓	✓	✓
75.	**Lios Póil** - Siopa Uí Chatháin	✓	✓	✓	✓	✓
76.	**LiosTuathail** – Carr-chlós Sráid Mhic Liam	✓	✓	✓	✓	✓
77.	**Lios Tuathail** – Carr-chlós na hEaglaise	✓	✓	✓	✓	✓
78.	**Lios Tré** – An Reilig	✓	✓	✓	✓	✓

79.	**Leic Snámha** - Sráidbhaile	✓	✓	✓	✓	✓
80.	**Ladhair an Chrompáin** - Sráidbhaile	✓	✓	✓	✓	✓
81.	**Baile an Mhuilinn** –Marglann	✓	✓	✓	✓	✓
82.	**Baile an Mhuilinn** – Stáisiún Bruscair	✓	✓	✓	✓	✓
83.	**Maigh Mheáin** – Ionad Pobail	✓	✓	✓	✓	✓
84.	**Líonadh Talún Ciarraí Thuaidh**	✓	✓	✓	✓	✓
85.	**An Caladh** – Carr-chlós na Comhairle	✓	✓	✓	✓	✓
86.	**An Ráth Mhór** – Londis Mhic Chárthaigh	✓	✓	✓	✓	✓
87.	**Ros Beithe** – Tábhairne Uí Chathail (gar don trá)	✓	✓	✓	✓	✓
88.	**Scairteach an Ghlinne** - An Sráidbhaile	✓	✓	✓	✓	✓
89.	**An tSnaidhm** – Carr-chlós Faiche an Aonaigh	✓	✓	✓	✓	✓
90.	**Tairbeart** – Carr-chlós an tSéipéil	✓	✓	✓	✓	✓
91.	**Trá Lí** – Shell Uí Dhiolúin, Móin an Bhealaigh	✓	✓	✓	✓	✓
92.	**Trá Lí** - Dunnes, Cuarbhóthar Thuaidh	✓	✓	✓	✓	✓
93.	**Trá Lí** – Carr-chlós Uí Ghairbhí	✓	✓	✓	✓	✓
94.	**Trá Lí** – Texaco Uí Shé, Cathair Uí Mhóráin	✓	✓	✓	x	✓
95.	**Trá Lí** – Ar chúl Áras an Chontae	✓	✓	✓	✓	✓
96.	**Trá Lí** – Árais Mhacléinn Coiscéim	✓	✓	✓	✓	✓
97.	**Trá Lí** - Ionad Spóirt, Páirc na Darach	✓	✓	✓	✓	✓
98.	**Trá Lí** - Uí Dhiolúin, Na Caortha	✓	✓	✓	✓	x
99.	**Trá Lí** – Uí hUiginn, Na Caortha	✓	✓	✓	✓	x
100.	**Tuath Ó Siosta** – An Sráidbhaile	✓	✓	✓	✓	✓
101.	**Ceann Trá** – Carr-chlós ar an dTrá	✓	✓	✓	✓	x
102.	**Ceann Trá** – Halla an Phobail	✓	✓	✓	✓	✓
103.	**An Coireán** – Ionad Pobail	✓	✓	✓	✓	✓

ÁISEANNA ATHCHÚRSALA ATÁ AR FÁIL AG STAISIÚIN BHRUSCAIR AGUS AG LÁITHREÁIN LÍONADH TALÚN I GCONTAE CHIARRAÍ

	Gloine/ Cannaí	Ola Mótar	Gach sórt Cadhnairí	Earraí Bána	Nuachtáin/ Irisí	Cannaí Bia	Sruth-shoilsí	Péint Íle	Cairt-chlár	Buidéil Phlaisteacha	
Cúl Chaisleach Cill Airne	v	v	v	v	v	v	v	v	v	v	
Baile an Mhuilinn	v	v	v	v	v	v	v	v	v	v	
An Neidín	v	v	v	v	v	v	v	v	v	v	
Cathair Saidhbhín	v	v	v	v	v	v	v	v	v	v	Ciarraí
Thuaidh	v	v	v	v	v	v	v	v	v	v	
An Daingean	v	v	v	v	v	v	v	v	v	v	

Ag an Láithreán Líonadh Talún freisin glactar le Dramhaíl Gáirdín don mhúirín. Tá Boscaí Múirín tí ar díol ar €40 an ceann agus Boiscíní Cistine ar €5 ag na Staisiúin Bhruscair.